



Ráiteas Preas: EMBARGO 16.00

Dáta: 06/12/2023

Ábhar: **Ceapachán Shéamas Ó Concheanainn ina Choimisinéir Teanga**



Cheap Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn Séamas Ó Concheanainn inniu ina Choimisinéir Teanga. I ndiaidh do Thithe an Oireachtais glacadh le rún de chuid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán, Catherine Martin, chuir an tUachtarán a lámh le ceapachán an tUasal Ó Concheanainn in Áras an Uachtaráin inniu.

Tagann Séamas i gcomharbacht ar Rónán Ó Domhnaill a chaith naoi mbliana mar Choimisinéir Teanga sular ceapadh i measc na gCoimisinéirí i gCoimisiún na Meán é ag tús na bliana seo.

Ar ócáid a cheapacháin, dúirt Séamas Ó Concheanainn:

“Tá mé ag súil go mór leis an deis i mo ról mar Choimisinéir Teanga tionchar suntasach a imirt ar mhéadú agus ar fheabhsú na seirbhísí poiblí atá á gcur ar fáil trí Ghaeilge ag eagraíochtaí stáit. Is deascála é go bhfuil reachtaíocht teanga leasaithe (Acht nadTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021) ag teacht i bhfeidhm i láthair na huair leis na cearta teanga atá ag pobal na Gaeilge a láidriú. Tá gealltanais shuntasacha sa reachtaíocht teanga nua, ar nós an Plean Náisiúnta a leagfaidh amach cur chuige na hearnála poiblí, a chuimsíonn breis agus 500 comhlacht poiblí, le freastal cóir agus cothrom a dheánamh ar phobal na Gaeilge, sa Ghaeltacht agus go náisiúnta. Beidh feidhmiú na ngealltanais maidir le dóthain foirne le cumas sa Ghaeilge a bheith ar fáil do sholáthar na seirbhísí poiblí nua criticiúil freisin. Teastóidh beart náisiúnta ina mbeidh ról lárnach ag an earnáil ardoideachais trí Ghaeilge leis an acmhainn dhaonna a sholáthar, d’fhíorú na gcearta teanga atá sa reachtaíocht leasaithe.”

Ag labhairt dó ar fhorálacha atá tagtha i bhfeidhm cheana dúirt an Coimisinéir nuacheaptha:

“Tá fáilte mhór le cur roimh an mborradh follasach faoi fhógraíocht Ghaeilge ar na meáin chumarsáide éagsúla. Leagann alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí sciar suntasach dá gcuid fógraíochta a dhéanamh i nGaeilge. Is den tábhacht é go mbeadh an Ghaeilge á saothrú mar mheán plé agus dioscúrsa san uile réim poiblí.”

As Baile an tSagairt, an Spidéal i gContae na Gaillimhe do Shéamas Ó Concheanainn. Tá achar trí bliana caite aige ag obair mar Stiúrthóir ar Oifig an Choimisinéara Teanga. Roimhe sin, bhí sé ina Riarthóir ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Ollscoil na Gaillimhe), i gCarna, mar a raibh sé ag plé le fearainn na hacadúlachta agus bainistíochta araon. Is iomaí ábhar taighde teangabhunaithe ar chuir Séamas faoi réir le linn a chuid ama ina measc Fios Físe, tionscadal taighde náisiúnta a bunaíodh d'fhonn tomhas a dhéanamh ar an tóir agus ar an éileamh atá ag pobal abhartha na Gaeilge ar TG4. Tá spéis ar leith aige sa bpleanáil teanga agus sa bhforbairt pobail agus sealanna éagsúla caite aige thar na mblianta ag obair go deonach le raon leathan eagraíochtaí agus coistí pobail.

Seo an chéad uair ar fógraíodh folúntas an Choimisinéara Teanga mar chomórtas earcaíochta, oscailte don phobal.

Téarma 6 bliana atá sa cheapachán mar Choimisinéir Teanga.

Tuilleadh eolais le fáil ach teagmháil a dhéanamh le:

Páidí Ó Lionáird, Bainisteoir Cumarsáide – 087 9092101 / paidi@coimisineir.ie